Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026
(OR. en)

6340/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0398 (NLE)**

COMPET 186
RECH 62
FIN 270
ENER 70

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6122/1/26 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16733/25 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach<br>– Cur chuige ginearálta<br>– Cinneadh dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an athuair |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 10 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus lena n-aisghairtear Cinntí 2003/77/CE agus 2008/376/CE.

2. I gcomhréir le Prótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is clár taighde de chuid an Aontais é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach (CTGC) a mhaoinítear lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil le hioncam shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú a leithdháiltear ar an gciste sin. Maoiníonn CTGC go heisiach tionscadail taighde sna hearnálacha guail agus cruach.

3. Is cuid é an Cinneadh atá beartaithe de phacáiste tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil CTGC chun foráil a dhéanamh maidir le cistiú taighde agus nuálaíochta chun tacú le dícharbónú, aistriú glan agus iomaíochas na n-earnálacha guail agus cruach. Leagtar síos leis an togra sin na treoirlínte teicniúla don Chlár Taighde, le cuspóirí athbhreithnithe agus coinníollacha glao, déantar rátaí cistiúcháin a ailíniú le cláir chistiúcháin taighde an Aontais, agus leagtar amach na treoirlínte airgeadais maidir le sócmhainní CTGC a bhainistiú.

4. I gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 37, ní mór dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra. Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra an 4 Feabhra 2026, ach níor eisigh sí a tuairim go fóill. Ós rud é, leis an téacs a tíolacadh le haghaidh cur chuige ginearálta, go ndéantar athrú suntasach ar an togra ón gCoimisiún maidir le fad an chláir, moltar dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an téacs arna athbhreithniú ag an gComhairle.

## II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

5. Phléigh an Mheitheal um Thaighde an togra ceithre huaire. Tar éis an phlé sin, rinne an Uachtaránacht roinnt forálacha den togra ón gCoimisiún a leasú chun iarrataí na dtoscaireachtaí a chur san áireamh. Pléadh an togra sin freisin ag cruinniú de Mheitheal na gComhairleoirí Airgeadais, inar díríodh ar na gnéithe a bhaineann le sócmhainní an chiste a bhainistiú agus ar fhorálacha airgeadais eile.

6. Baineann na leasuithe a rinneadh go príomha le fad a chur le fad an Chláir Taighde ó 4 bliana go 8 mbliana trí ghealltanas a thabhairt maidir le himchlúdach airgeadais an chláir ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2034 agus trí shoiléirithe a thabhairt maidir le cuspóirí an chláir chomh maith leis na cuspóirí taighde maidir le gual agus cruach. Tá an téacs a comhaontaíodh leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. An 18 Feabhra, bhí Coiste na mBuanionadaithe in ann an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a fhormhuiniú.

## III. CONCLÚID

8. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– teacht ar chur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 6340/26 ADD 1 é ag an gcruinniú a bheidh aige an 27 Feabhra 2026, agus

– a chinneadh go n-iarrfar ar Pharlaimint na hEorpa a tuairim a thabhairt maidir leis an téacs sin.